

# BRONNTANAS

25-27 Meán Fómhair

Gaeilge365

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

SDCC Comhairle Contae Átha Cliath Theas South Dublin County Council

Comhairle Contae Fhine Gall Fingal County Council

dlr Comhairle Contae County Council

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal

Glór na nGael

Teanga Tí Scéim Teaghlaigh Glór na nGael

# Fáilte

**Is ceiliúradh é Bronntanas ar na féidearthachtaí a chruthaíonn an Ghaeilge do theaghlaigh.**

---

Ní gá Gaeilge fhoirfe a bheith agat chun an bronntanas seo a thabhairt do do pháiste. Is féidir gnáthimeachtaí an tsaoil a iompú ina rudaí draíochtúla – scéalta ag am codlata, comhrá sa chistin, síobanna go cluichí spóirt.

Beidh tusa, do pháiste agus ár dteanga buíoch as an splanc bheag dhraíochta a chuireann tú isteach ina saol. Taispeánann taighde go dtugann an Ghaeilge buntáistí móra do pháistí: cuimhne níos fearr, níos mó muiníne, agus níos mó deiseanna sa saol. Ach thar aon rud eile, is bronntanas í, rud a roinneann tú le do pháiste, bronntanas a mhaireann go deo.

Tapaigh an deis le d'aistear a thosú le Bronntanas, téigh amach sa phobal áitúil agus tosaigh ag cruthú cuimhní trí Ghaeilge.

---

***TL;DR**: Enrich your family's life with the Irish language and create benefits and connections which last forever. Get out into your local community with Bronntanas and start creating memories and habits as Gaeilge with your family regardless of your level.*

# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| **3** | Nóta ó SDCC |
| **3** | Nóta ó Ghlór na nGael |
| **4** | CCACT |
| **8** | Leathanach le Dúshlán Baile |
| **10** | CCBÁC |
| **12** | CCFG |
| **14** | DLR |
| **16** | Leathanach Buíochas |




## Fáilte ó Mhéara Chomhairle Contae Átha Cliath Theas



Féile ealaíon nua is ea Bronntanas a cheiliúrann an ról atá ag an nGaeilge i dteaghlaigh ar fud Bhaile Átha Cliath. Tá áthas agus bród orm go bhfuil smaoineamh a d'eascair as Áth Cliath Theas á chur i bhfeidhm anois ar bhonn Contae mar chuid de Gaeilge365. Ba mhaith liom tuismitheoirí agus caomhnóirí a spreagadh le páirt a ghlacadh sna himeachtaí bríomhara seo, agus an Ghaeilge a bhronnadh ar a gclann!

*Bronntanas is a new arts festival that celebrates the role Irish plays in households across Dublin. I am pleased and proud that an idea originating from South Dublin is now being brought to life across the entire County as part of Gaeilge365. I would like to encourage parents and guardians to participate in these lively events, and to give the gift of Irish!*

***Clr. Pamela Kearns,***
***Méara Chomhairle Contae Átha Cliath Theas***

SDCC
Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council



## Fáilte ó Cheannasaí Glór na nGael

Ba mhaith liom na ceithre chomhairle i gContae Átha Cliath a threisiú as tabhairt faoin togra spleodrach seo, a léireoidh gur féidir leis an nGaeilge bheith mar theanga teaghlaigh mar atá i gcás ár bpobal bhríomhar féin. Bíonn tacaíocht do theaghlaigh ag tógáil clainne le Gaeilge ag croílár obair an rannóg Teanga Tí, is cúis áthais dom go bhfuil Glór na nGael ag comhoibriú ar Bronntanas.

*I would like to commend the four Dublin councils for taking on this exciting project, showing that Irish can be spoken at home as our dynamic community can attest. Support for families raising children with Irish is at the heart of the work of our Teanga Tí section, and I'm delighted that Glór na nGael is collaborating with Bronntanas.*

***Lorcán Mac Ghabhann***

Glór na nGael

Comhairle Contae Átha Cliath Theas

## Déardaoin 25ú

### 11:00
**Inis Scéilín**

**Leabharlann Bhaile Uí Ruáin**

Seisiún scéalaíochta suaimhneach le **Sadhbh Devlin** do thuismitheoirí agus do pháistí óga, ag roinnt scéalta teaghlaigh agus béaloideas trí Ghaeilge.
Do pháistí réamh-scoile.

*A gentle storytelling session with **Sadhbh Devlin** for parents and young children, sharing family stories and folklore in Irish.
Pre-school/toddlers.*




### Fíric

**Éiríonn níos fearr le páistí dátheangacha ar thascanna a bhaineann le fócas, cuimhne & aird.**

***Bilingual kids outperform monolinguals on focus, memory & attention tasks.***

*Foinse: Iowa State University, 2022*

### 14:00
**Scéal agus Spraoi**

**Leabharlann Chluain Dolcáin**

Seisiún spraíúil scéalaíochta do pháistí agus a dtuismitheoirí le **Sarah Sparkles**.
Do pháistí réamh-scoile.

*A fun storytelling session with **Sarah Sparkles** for children and their parents.
Pre-school/toddlers.*

### 14:00
**Cogadh Dearg**

**Gaelscoil - le cuireadh amháin**

Glac páirt i gcluiche ildaite faoi stiúir **Cara Dunne**! Foirne páistí agus tuismitheoirí i gcath spraíúil a chuirfidh dathanna go gealach - cen dath a bhuafaidh?

*Join **Cara Dunne** for a colourful battle! Teams of kids and parents in a playful showdown in full colour - which colour will dominate?*



## Dé hAoine 26ú

### 8:30 - 15:00
**Cuairt Clainne**

**Naíonra Chrónáin**

Lá sa Naíonra le tuismitheoirí, gaolta, Mamó agus Daideo.
Le cuireadh amháin.

*A day in the Naíonra with parents, relatives, Mamó and Daideo.
By invite only.*

### 14:00 - 17:00
**Tar éis na Scoile – Ealaín & Ceardaíocht le Dawn**

**Cáife Aon Scéal, Tamhlacht**

Seisiún ealaíne agus ceardaíochta do pháistí agus tuismitheoirí le **Dawn Nic Íomháir**, ag meascadh modhanna traidisiúnta agus nua-aimseartha i suíomh suaimhneach pobail.

*Art and craft session for children and parents with **Dawn Nic Íomháir**, combining traditional and modern techniques in a relaxed community setting.*

### 18:00
**Gaiscí Cúchulainn**

**Páirc Lána Tandy, Leamhcán**

Glac páirt i gcómortas scileanna iománaíochta do theaghlaigh le **Na Gaeil Óga**. An sibhse an teaghlaigh is sciliúla?

*Take part in a family hurling skills competition with **Na Gaeil Óga**. Is your family the most skilful?*

Eolas bookála
*Booking information*



### 15:00
**Mistéir**

**Áras Chrónáin, Cluain Dolcáin**

Cluiche mistéir idirghníomhach do theaghlaigh faoi stiúir **Aideen McQueen & Louisa Ní Éidéain** – le scéal beo, leabhair phictiúr, nodanna ceilte agus carachtair bhríomhara. Bain úsáid as Gaeilge chun an mistéir a réiteach! Aoisghrúpa: 6-10 is oiriúnaí ach fáilte roimh shiblíní.

*A family-friendly interactive mystery game with **Aideen McQueen & Louisa Ní Éidéain** – live story, picture books, hidden clues and vibrant characters. Use your Irish to solve the mystery! Most suitable for 6-10 with siblings welcome.*

### 12:00
**Cén Scoil? Gaelscoil**

**Leamhcán**

Preabchlinicí ag geataí réamhscoileanna timpeall ar Leamhcán ag ardú feasacht ar na deiseanna a chruthaíonn Gaelscoileanna do phobail nuathagtha go hÉirinn.

*Pop-up clinics at the gates of preschools around Lucan raising awareness of the opportunities Gaelscoileanna create for newcomer communities to Ireland.*

SDCC
Comhairle Contae Átha Cliath Theas | South Dublin County Council

# Dé Sathairn 27ú



## 10:30
### Dathaigh Le Chéile
**Leabharlann Leamhcáin**

Cruthaigh ealaín le do pháiste i gceardlann réidh faoi stiúir **Michael Bollard**, bunaithe ar nádúr, féiniúlacht agus an Ghaeilge. Deartha go speisialta do pháistí le riachtanais breise. Fáilte roimh shiblíní.

*Create art with your child in a gentle, nature and identity-themed workshop led by **Michael Bollard**. Specially designed for children with additional needs. Siblings welcome.*

## 9:00
### Tús Maith leis Na Gaeil Óga
**Gaelscoil Naomh Padráig, Leamhcán**

**Naoise Waldron** ag stiúradh Tús Maith – deis do thuismitheoirí agus páistí idir 2–4 bliana d'aois a gcéad chéimeanna a thógáil i saol CLG trí Ghaeilge, trí spraoi agus comhrá.

***Naoise Waldron** leads Tús Maith – giving parents and children aged 2–4 their first steps into the world of the GAA through Irish, using fun and chat.*

## 11:00 - 13.00
### Siamsa, Sorcas agus Spraoi
**Áras Chrónáin, Cluain Dolcáin**

Lá teaghlaigh ina mbeidh ceardlann Cleasaíocht Sorcais le **Aidan Ring** chomh maith le peinteáil aghaidh agus cluichí.

*Join us for a family day including a Circus Skills workshop with **Aidan Ring**, face painting and games.*

### Fíric

**Neartaíonn bainistiú dhá theanga cumas airde agus solúbthachta pháistí.**

***Managing two languages strengthens children's focus and adaptability.***

Foinse: University of Alberta, 2016

# Dé Sathairn 27ú

Eolas bookála
*Booking information*

## 11:00
### Draíocht an Cheoil
**Leabharlann Chaisleán Thigh Motháin**

Deis do pháistí reámhscoile agus a dtuismitheoirí blaiseadh a fháil de dhraíocht an cheoil le **Catherine Dunphy**, trí iniúchadh ar uirlisí ceoil, comhaireamh agus rithim.

*Get a taste of the magic of music with this introduction to musical instruments with **Catherine Dunphy**, counting and rhythm for parents and pre-school children.*

## 14:00
### Ceardlann Rince Sean Nóis le Sibéal Davitt
**Leabharlann Chluain Dolcáin Thuaidh**


Ceardlann spraíúil do pháistí scoile agus a dtuismitheoirí le **Sibéal Davitt**, ag foghlaim bunghluaiseachtaí agus rithim an tsean nóis i suíomh cairdiúil teaghlaigh.

*A lively workshop with **Sibéal Davitt** where children and their parents learn the basic movements and rhythm of sean nós dancing in a friendly family environment*

## 14:00
### An Leabharlannaí Craiceáilte
**Leabharlann Thamhlachta**

Taibhiú greannmhar idirghníomhach le **Seán T. Ó Meallaigh** a thugann beocht don leabharlann trí gheamaireacht, spraoi agus teanga bhríomhar. Seó teaghlaigh, 7-12 mbliana d'aois is oiriúnaí ach fáilte roimh shiblíní.

*A hilarious interactive show with **Seán T. Ó Meallaigh**, bringing the library to life through panto, fun and lively Irish. Family show, best suited for 7-12 years old with siblings welcome.*



## 15:00 - 18:00
### Cóisir Gaelbingó Teaghlaigh
**Cáife Aon Scéal, Tamhlacht**

Cluiche biongó do theaghlaigh le duaiseanna, oscailte do gach aoisghrúpa, le fáiltiú agus atmaisféar pobail.

*Family bingo game with prizes, open to all ages with a welcoming community atmosphere!*

# Dúshlán Teaghlaigh *Bronntanas Beo*


**De réir an taighde, tógann sé 21 lá chun nós nua a chruthú. Leis an dúshlán seo, ba mhaith linn tacú le do theaghlach le nós nua a chruthú agus bronntanas beo a dhéanamh as an nGaeilge i bhur saol. Cláraigh don dushlán agus bíodh seans agat cuireadh a fháil chun bualadh le Daidí na Nollaig trí Ghaeilge i dTeach an Ard-Mhéara ó Ard-Mhéara BÁC Cllr. Ray McAdam.**

*It takes 21 days to create a new language habit in your family. Take part in this family challenge and register for Bronntanas Beo to be in with a chance to get an invite from Lord Mayor of Dublin Cllr. Ray McAdam to meet Daidí na Nollaig trí Ghaeilge in the Mansion House*

**1** **Beannaigh dá chéile** as Gaeilge gach uair a fheiceann sibh a chéile. (M.sh. Maidin mhaith / A Mhamaí / Slán)



**2** **Cluiche na n-Ainmhithe:** Déan torann ainmhí agus ainmnigh é.




**3** **Cluiche Cuardaigh:** Ainmnigh rudaí sa teach de réir datha/uimhreacha (Aimsigh rud buí / Aimsigh 3 pheann).

**4** **Réamhaisnéis na hAimsire:** Déan cur síos ar an aimsir i rith an lae.

**5** Imir **'Feicim le mo shúilín beag'** / 'I Spy'.



**6** Foghlaim & can **amhrán Gaeilge**.




**7** **Am gléasadh:** Ainmnigh na héadaí i nGaeilge (Cuir ort do bhróga/ Tá geansaí gorm orm).

**8** **Rithim & Rím:** Cum amhrán/abairt bheag le fuaimeanna cosúla ann.

**9** **Cluiche cé hiad?** Taispeáin pictiúir de dhaoine leis an gceist cé hé/hí seo (nó an é/í seo?) Bíodh na freagraí iomlána á lorg - Seo í/Ní hé.

**10** **Glaoigh ar chara/ gaol** agus labhair Gaeilge leo.



**11** **Am Ealaíne:** Tarraing & déan cur síos ar phictiúr as Gaeilge.

**12** **Déan tóraíocht taisce** le leideanna ó bhéal.



**13** Bíodh **picnic** trí Ghaeilge agaibh.

**14** **Am scéalaíochta:** Léigh leabhar Gaeilge os ard / Inis scéal as Gaeilge.

**15** **Cruthaigh liosta siopadóireachta** as Gaeilge le chéile (M.sh. An bhfuil im againn?/ Céard atá ag teastáil uait?).

**16** **Réitigh an bord as Gaeilge** (Faigh na cupáin / seo chugat na spúnóga).

**17** **Am spraoi:** Téigh ar turas chuig an gclós súgartha i nGaeilge.



**18** **Am cócaireachta:** Lean oideas i nGaeilge (Ainmnigh na comhábhair/ céimeanna).

**19** **Am siopadóireachta:** Déan siopadóireacht le chéile as Gaeilge.



**20** Imir **Deir Ó Grádaigh** / Simon Says.

**21** **Ith béile** amháin le chéile as Gaeilge.

**Nasc don fhoirm chlárúcháin do dhúshláin Bhrhonntanais**

## Dé hAoine 26ú

### 15:00
**Pictiúir Draíochta**

**Leabharlann Ráth Eanaigh**

Teaghlaigh ag fiosrú ealaín thraidisiúnta agus intleacht shaorga le chéile – ag tarraingt, ag samhlú agus ag cruthú íomhánna draíochtúla. Oiriúnach do pháistí 2+. Fáilte roimh shiblíní.

*Families exploring traditional art and artificial intelligence together – drawing, imagining, and creating magical images. Best for children aged 2+. Siblings welcome.*



### 15:00
**Leatsa an Imirt**

**Leabharlann Shráid Chaoimhín**

An bhfuil féith na drámaíochta i do theaghlach? Múscail do chuid samhlaíochta le drámaíocht agus cluichí trí Ghaeilge le **Ray Yeates**. Oscailte do gach aois.

*Does your family have a theatrical streak? Activate your imagination with drama and games through Irish with **Ray Yeates**. Open to all ages.*

### Fíric

**Scórálann páistí dátheangacha níos airde ar thástálacha cruthaitheachta & réiteach fadhbanna.**

***Bilingual children score higher on creativity and problem-solving tests.***

*Foinse: University of Alberta, 2016*

### 15:00 (Dé Sathairn)
**Biongó na nEachtrán**

**Leabharlann na Cúlóige**

Tuirlingíonn spáslong! Tá suim ag na heachtráin teanga na tíre a fhoghlaim tríd an gcluiche is fearr leo: Biongó! Imríonn teaghlaigh le heachtráin ghreannmhara san eispéireas seo le **HK Ní Shioradáin** – spraoi do chách, lena n-áirítear páistí néara-éagsúla. Aois 6-9 is oiriúnaí ach fáilte roimh shiblíní.

*A spaceship lands! The aliens want to learn the native language through their favourite game - Bingo! Families play with funny aliens in this experience with **HK Ní Shioradái**n - fun for everyone, neurodiverse-friendly. Best suited for ages 6-9 with siblings welcome.*

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

## Dé Sathairn 27ú

Eolas bookála
*Booking information*

### 10:00
**Cruthaímis le Chéile**

**Leabharlann Ráth Maoinis**

Ceardlann le **Sinéad Ní Chofaigh** ina n-oibreoidh teaghlaigh le chéile chun scéal a chruthú agus píosa ealaín a chruthú a insíonn an scéal. Oiriúnach do pháistí 3–7. Fáilte roimh shiblíní.

*Interactive workshop with **Sinéad Ní Chofaigh** in which families work together to tell a story and create a piece of art. Best for ages 3–7. Siblings welcome.*

### 10:30
**An Leabharlannaí Craiceáilte**

**Leabharlann Cabrach**

Taibhiú greannmhar idirghníomhach le Seán T. Ó Meallaigh a thugann beocht don leabharlann trí gheamaireacht, spraoi agus teanga bhríomhar. Seó teaghlaigh, 7-12 mbliana d'aois is oiriúnaí ach fáilte roimh shiblíní.

*A hilarious interactive show with Seán T. Ó Meallaigh, bringing the library to life through panto, fun and lively Irish. Family show, best suited for 7-12 years old with siblings welcome.*

### 10:00
**An Mol Ceol**

**Leabharlann Bhaile Formaid**

Deis do thuistí agus páistí teacht le chéile chun triail a bhaint as ceol traidisiúnta don chéad uair. Oiriúnach do pháistí 5–12. Fáilte roimh shiblíní.

*Children and parents come together to get a first taste of traditional music. Suitable for children aged 5–12. Siblings welcome.*



### 10:30
**Dráma Clainne**

**Leabharlann Dhroim Conrach**

Seisiún drámaíochta clainne le rólimirt agus clúichí trí Ghaeilge. Samhlaíocht, greann agus spraoi don teaghlach ar fad! Oscailte do gach aois.

*Family drama workshop with role-playing and games in Irish. Imagination, humour and fun for the whole family! Open to all ages.*

### 15:00
**Dathaigh Le Chéile**

**Leabharlann Bhaile Munna**

Cruthaigh ealaín le do pháiste i gceardlann réidh faoi stiúir **Michael Bollard**, bunaithe ar nádúr, féiniúlacht agus an Ghaeilge. Deartha go speisialta do pháistí le riachtanais breise. Fáilte roimh shiblíní.

*Create art with your child in a gentle, nature and identity-themed workshop led by **Michael Bollard**. Specially designed for children with additional needs. Siblings welcome.*

## Dé hAoine 26ú

### 15:00
**Rithim agus Raic**

**Leabharlann Shord**

Ceardlann bodhráin do theaghlaigh le **Brian Walsh** ina mbainfear sult as cluichí rithime agus léiriú gairid – ní gá aon taithí! Aois 5-12, fáilte roimh shiblíní.

*Bodhrán workshop for families with **Brian Walsh** where you can enjoy rhythm games and a short performance - no experience necessary! Age 5-12, siblings welcome.*




### 15:00
**An Leabharlannaí Craiceáilte**

**Leabharlann Baile Bhlainséir**

Taibhiú greannmhar idirghníomhach le **Seán T. Ó Meallaigh** a thugann beocht don leabharlann trí gheamaireacht, spraoi agus teanga bhríomhar. Seó teaghlaigh, 7-12 mbliana d'aois is oiriúnaí ach fáilte roimh shiblíní.

*A hilarious interactive show with **Seán T. Ó Meallaigh**, bringing the library to life through panto, fun and lively Irish. Family show, best suited for 7-12 years old with siblings welcome.*

### 15:30
**Pota Peataí**

**Leabharlann Dhomhnach Bat**

Bain úsáid as do lámha agus do chuid samhlaíochta agus tú i mbun potaireachta sa cheardlann spraíúil seo le **Cormac Ó Breartúin**! Aois 5-12, fáilte roimh shiblíní

*Use your hands and your imagination in this fun pottery workshop with **Cormac Ó Breartúin**! Age 5-12, siblings welcome*

## Dé Sathairn 27ú

Eolas bookála
*Booking information*

### 10:00
**Rithim agus Raic**

**Leabharlann Bhaile Dhúil**

Ceardlann bodhráin do theaghlaigh le **Brian Walsh** ina mbainfear sult as cluichí rithime agus léiriú gairid – ní gá aon taithí! Aois 5-12, fáilte roimh shiblíní.

*Bodhrán workshop for families with **Brian Walsh** where you can enjoy rhythm games and a short performance - no experience necessary! Age 5-12, siblings welcome*

### 10:30
**Pictiúir Draíochta**

**Leabharlann Mhullach Íde**

Teaghlaigh ag fiosrú ealaín thraidisiúnta agus intleacht shaorga le chéile – ag tarraingt, ag samhlú agus ag cruthú íomhánna draíochtúla. Oiriúnach do pháistí 2+. Fáilte roimh shiblíní.

*Families exploring traditional art and artificial intelligence together – drawing, imagining, and creating magical images. Best for children aged 2+. Siblings welcome.*

### Fíric

**Trí mhalartú idir dhá theanga, múintear don inchinn conas aird a dhíriú gan dul ar seachrán.**

***Switching between languages trains the brain to block distractions.***

*Foinse: University of Alberta, 2016*

### 15:00
**Mistéir**

**Leabharlann Bhaile Brigín**

Cluiche mistéir idirghníomhach do theaghlaigh faoi stiúir **Aideen McQueen & Louisa Ní Éideáin** – le scéal beo, leabhair phictiúr, nodanna ceilte agus carachtair bhríomhara. Bain úsáid as Gaeilge chun an mistéir a réiteach! Aoisghrúpa: 6-10 is oiriúnaí ach fáilte roimh shiblíní

*A family-friendly interactive mystery game with **Aideen McQueen & Louisa Ní Éideáin** – live story, picture books, hidden clues and vibrant characters. Use your Irish to solve the mystery!*

### 15:00
**An Mol Ceol**

**Leabharlann Ros Eo**

Deis do thuistí agus páistí teacht le chéile chun triail a bhaint as ceol traidisiúnta don chéad uair. Oiriúnach do pháistí 5–12. Fáilte roimh shiblíní.

*Children and parents come together to get a first taste of traditional music. Suitable for children aged 5–12. Siblings welcome.*



Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Dé hAoine 26ú

## Fíric

**Neartaíonn úsáid teangacha oidhreachta sa bhaile an nasc idir páistí, tuismitheoirí & seantuismitheoirí.**

***Using heritage languages at home deepens bonds between children, parents & grandparents.***

*Foinse: Harvard, 2022*

## 14:15
### Cogadh Dearg
**Scoil Lorcáin, Baile na Manach**

Glac páirt i gcluiche ildaite faoi stiúir **Cara Dunne**! Foirne páistí agus tuismitheoirí i gcath spraíúil a chuirfidh dathanna go gealach - cen dath a bhuafaidh? Aois molta 8-12

*Join **Cara Dunne** for a colourful battle! Teams of kids and parents in a playful showdown in full colour - which colour will dominate? Recommended age 8-12*

## 14:30
### Cruthaímis le Chéile
**Leabharlann Dhún Droma**

Ceardlann le **Sinéad Ní Chofaigh** ina n-oibreoidh teaghlaigh le chéile chun scéal a chruthú agus píosa ealaín a chruthú a insíonn an scéal. Oiriúnach do pháistí 3–7. Fáilte roimh shiblíní.

*Interactive workshop with **Sinéad Ní Chofaigh** in which families work together to tell a story and create a piece of art. Best for ages 3–7. Siblings welcome.*

## 15:00
### Dráma Clainne
**Leabharlann Bhaile Uí Ógáin**

Seisiún drámaíochta clainne le rólimirt agus cluichí trí Ghaeilge. Samhlaíocht, greann agus spraoi don teaghlach ar fad! Oscailte do gach aois.

*Family drama workshop with role-playing and games in Irish. Imagination, humour and fun for the whole family! Open to all ages*



# Dé Sathairn 27ú

Eolas bookála
*Booking information*




## Fíric

**Tuilleann daoine dátheangacha thart ar 11% níos mó thar a ngairm bheatha ar an meán.**

***Bilingual adults earn ~11% more on average over their careers.***

*Foinse: Empirica*

## 11:00
### Biongó na nEachtrán
**Leabharlann Dún Laoghaire**

Tuirlingíonn spáslong! Tá suim ag na heachtráin teanga na tíre a fhoghlaim tríd an gcluiche is fearr leo: Biongó! Imríonn teaghlaigh le heachtráin ghreannmhara san eispéireas seo le **HK Ní Shioradáin** – spraoi do chách, lena n-áirítear páistí néara-éagsúla. Aois 6-9 is oiriúnaí ach fáilte roimh shiblíní.

*A spaceship lands! The aliens want to learn the native language through their favourite game - Bingo! Families play with funny aliens in this experience with **HK Ní Shioradáin** - fun for everyone, neurodiverse-friendly. Best suited for ages 6-9 with siblings welcome.*

# Buíochas

Ár mbuíochas le gach uile dhuine a thacaigh le Bronntanas.

Ciara Jones (DLR), Ciara Dardis (CCBÁC), Lilian Whelan (Fine Gall) agus Laura Joyce (CCÁCT) agus na leabharlanna agus leabharlannaithe ar fad atá ag tacú leis an scéim.

Muireann Ní Cheannabháin agus Lorna Maxwell ó Chomhairle Contae Átha Cliath Theas as an gceannaireacht atá léirithe acu ag aithint go saibhríonn an Ghaeilge saol theaghlaigh ar fud fad BhÁC agus gurbh fhiú dúinn sin a cheiliúradh le go mbeidh doras isteach ag tuilleadh teaghlaigh ar shaol dátheangach ár dtodhchaí.

Marcas Mac Ruairí agus Tara Uí hAdhmaill ó Ghlór na nGael atá ag obair go dian dícheallach ar an bhféile le roinnt míonna anuas.

Daithí de Buitléir, Darach O'Connor, Stephen Brady, Mary Egan agus foireann uilig Gaeilge365. Is iontach iad ár gComhairlí aitiúla atá ag tacú go láidir le fás na Gaeilge i bpríomhchontae na hÉireann agus treaslaímid leis an Roinn Forbartha Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta as a dtacaíocht le fás agus forbairt Gaeilge365.

Conor Claffey a thacaigh le dearadh agus Féilim Mac an Iomaire (Splanc PR) atá ag tacú le cúrsaí poiblíochta. Tá sé rí-thabhachtach dúinn a thaispéaint don domhan mór gur féidir barr feabhais a bhaint amach trí Ghaeilge agus is iontach go bhfuil saineolaithe chomh hoillte linn ar an turas.

Do na healaíontóirí agus na grúpaí ar fad atá tar éis ócáid a éascú agus a eagrú, molaimid bhur gcuid oibre. Is iontach go bhfuil sibh ag léiriú don domhan mór gur teanga í an Ghaeilge a shealbhaíonn teaghlaigh le chéile agus a chruthaíonn cuimhní draíochtúla, cuimhní a mhairfidh go deo.



Gaeilge365

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

SDCC Comhairle Contae Átha Cliath Theas South Dublin County Council

Comhairle Contae Fhine Gall Fingal County Council

dlr Comhairle Contae County Council

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

Glór na nGael

Teanga Tí Scéim Teaghlaigh Glór na nGael